

Coláiste | Aonad Bainistíochta	Leas-Uachtarán – SIRC, Seirbhísí Dlí, Athrú agus Claochlú
Scoil | Aonad	Oifig Dlí UCD
Teideal an Phoist & Réimse Ábhair *(más ábhartha)*	Dlíodóir
Tréimhse an Phoist	5 bliana
Grád	Oifigeach Riaracháin Sinsearach IV
Scála Tuarastail	€71,444 - €113,435
Cnuasach Poist agus Leibhéal Gairme	Dlí, Rialachas agus Comhlíonadh – Leibhéal Gairme 6
Uimhir Thagartha don Ghrádú Poist	2026-09-066
Bainisteoir Líne	Stiúrthóir Seirbhísí Dlí nó a (h)Ainmní
Uimhir Thagartha an Chomórtais	020216
Riarthóir Acmhainní Daonna	Arianna Eady
Iarratais agus Dáta Deiridh	https://www.ucd.ie/workatucd/jobs/
Incháilithe do Chead Oibre	Níl

Achoimre ar an bPost:

Cuirfidh an dlíodóir saineolas dlíthiúil agus comhairle inmheánach ar fáil don Ollscoil.

I measc na bpríomhdhualgas, beidh ar an gceapaí déileáil le hábhair chonspóideacha agus gearáin chomh maith le comhairle a chur ar Aonad um Shaoráil Faisnéise na hOllscoile maidir le comhlíonadh reachtúil agus cur i bhfeidhm díolúintí faoin Acht um Shaoráil Faisnéise. Pléifidh an t-iarrthóir rathúil le cúrsaí a bhaineann le mic léinn agus le baill foirne, tabharfaidh siad aghaidh ar dhíospóidí dlí a mbíonn tionchar acu ar an Ollscoil, agus déanfaidh siad idirchaidreamh éifeachtach le comhairleoirí dlí seachtracha agus déanfaidh sé maoirseacht orthu, lena n-áirítear monatóireacht a dhéanamh ar chostais dlí.

Is ról tábhachtach é seo a éilíonn rannpháirtíocht éifeachtach le geallsealbhóirí ar fud na hOllscoile, lena n-áirítear an bhainistíocht shinsearach. Déanfaidh an té a cheapfar monatóireacht leanúnach ar reachtaíocht nua chun comhairle thráthúil a thabhairt ar an Ollscoil maidir le forbairtí atá ag teacht chun cinn. Oibreoidh an t-iarrthóir rathúil go dlúth le comhghleacaithe san Oifig Dlí agus san Aonad um Shaoráil Faisnéise. Tá cleachtais oibre éifeachtacha agus comhghleacaíocht riachtanach.

Ina theannta sin, is post forbartha é seo. Dá bhrí sin, d'fhéadfaí cúraimí a shannadh don iarrthóir rathúil ó am go chéile a bhaineann le hobair eile na hOifige Dlí. Áirítear leis sin comhairle a thabhairt maidir le cúrsaí taighde, maoin intleachtúil, conarthaí agus comhaontuithe, GDPR, rialachas corparáideach, ceadúnú tráchtála, ceisteanna cóipchirt, ceanglais dhlí cuideachtaí, agus socruithe dlí eile.